Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9976/17**

**MAR 123**
**TRANS 250**
**COMPET 476**
**CLIMA 169**
**MI 477**
**ENV 578**
**FISC 123**
**OMI 32**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9331/17 MAR 102 TRANS 185 COMPET 418 CLIMA 136 MI 430 ENV 515 FISC 109 OMI 29 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le "Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí" den chéad scoth a áirithiú"<br>– Conclúidí ón gComhairle (8 Meitheamh 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le "Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí" den chéad scoth a áirithiú" a ghlac an Chomhairle ag an 3545ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le**
**"Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí" den chéad scoth a áirithiú"**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG FÉACHAINT DO

– na Conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2014[1] maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ar Bheartas Iompair Muirí an Aontais go dtí 2018 agus ar an Ionchas go 2020;

– agus don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Mhuiriompair an Aontais 2009-2018[2];

AG LÉIRIÚ SÁSAIMH mar gheall ar an rath a bhí ar an gCruinniú Aireachta Neamhfhoirmiúil Muirí, a d'eagraigh Uachtaránacht Mhálta i Vaileite, Málta ar an 29 Márta 2017, ar leagadh amach lena linn na tosaíochtaí polaitiúla le haghaidh Bheartas Iompair Muirí an Aontais chun tacú leis an tionscal loingseoireachta, atá ríthábhachtach chun leasa an Aontais;

AG MEABHRÚ go bhfuil an loingseoireacht agus na seirbhísí a bhaineann léi ríthábhachtach do gheilleagar na hEorpa agus do chaighdeán saoil shaoránaigh na hEorpa, ag cur post ar fáil, ag oibriú ar bhonn ríthábhachtach ar mhaithe le hiomaíochas eacnamaíoch na hEorpa agus ag rannchuidiú le hOlltáirgeacht Intíre (OTI) an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil an loingseoireacht tábhachtach d'fhorbairt bhraisle mhuirí an Aontais;

AG ATHDHEARBHÚ go bhfuil dúshláin shuntasacha ag earnáil mhuirí na hEorpa agus go bhfuil tuilleadh gníomhaíochta ag teastáil chun loingseoireacht mhealltach shábháilte shóisialta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a choinneáil agus a fhorbairt tuilleadh;

---

1 10041/14.
2 12829/16.

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR go mba cheart na tosaíochtaí polaitiúla a leagtar amach i nDearbhú Vaileite a chur san áireamh ina n-iomláine sa chlár oibre atá le teacht ón gCoimisiún agus sna tosaíochtaí uileghabhálacha a bheidh ann go dtí 2020;

DÉANANN SÍ, DÁ BHARR SIN, AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TACAÍONN SÍ le hábhair "Dhearbhú Vaileite" maidir le "Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú" agus AITHNÍONN SÍ an Dearbhú mar chuid shuntasach de Bheartas Iompair Muirí an Aontais go dtí 2020;

2. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le chéile, i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí institiúideacha eile de chuid an Aontais agus le comhpháirtithe sóisialta agus tionscail chun tabhairt faoi thionscnaimh iomchuí agus chun garspriocanna a shocrú, agus "Dearbhú Vaileite" á ghlacadh mar bhonn chun Beartas Iompair Muirí an Aontais go dtí 2020 a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh.

**Dearbhú Aireachta**
**maidir le**
**"Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú**
**(Dearbhú Vaileite)**

AG FÉACHAINT DO

– na Conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2014[3] maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ar Bheartas Iompair Muirí an Aontais go dtí 2018 agus ar an Ionchas go 2020;

– agus don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Mhuiriompair an Aontais 2009-2018[4];

A. AG TABHAIRT AITHEANTAIS don tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus leis an idirphlé mar ghné atá ríthábhachtach le haghaidh straitéis iompair muirí a chomhlíonadh agus a fhorbairt tuilleadh i ndiaidh 2018; AG CUR SAN ÁIREAMH an plé a rinneadh ag an gComhdháil Aireachta/Páirtithe Leasmhara maidir le cúrsaí muirí, comhdháil a tionóladh i Málta ar an 28 Márta 2017;

B. AG MEABHRÚ go bhfuil sé de chuspóir ag an Aontas agus ag na Ballstáit i gcónaí leibhéal ard aonfhoirmeach sábháilteachta agus slándála muirí a áirithiú;

C. AG MEABHRÚ méid suntasach rannchuidiú an iompair muirí agus gníomhaíochtaí gaolmhara, amhail gníomhaíochtaí calafoirt, le geilleagar na hEorpa, agus é ag cur le luachanna agus le poist i limistéir chósta uile an Aontais, AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin thromchúiseacha eacnamaíocha os comhair earnáil na loingseoireachta;

D. AG LÉIRIÚ gur gá Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a chruthú agus córas iompair muirí mar aon le slabhra loighistice a bheadh oiriúnach don 21ú haois, agus Í AG ATHDHEARBHÚ go bhfuil iompar muirí ríthábhachtach maidir le limistéir gheografacha idir forimeallach agus oileánach a nascadh leis an gcuid eile den Eoraip;

[3] 10041/14.
[4] 12829/16.

E. AG AITHINT DÓIBH go háirithe an gá atá le dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann le hinrochtaineacht i gcás oileán, i gcás réigiúin iargúlta agus na réigiún is forimeallaí agus na costais a bhaineann leis sin;

F. AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH an cuspóir maidir le tacú san fhadtéarma le hiomaíochas na loingseoireachta Eorpaí agus na dtionscal gaolmhar muirí i margaí domhanda, i bhfianaise na hiomaíochta idirnáisiúnta atá ag géarú;

G. AG CUR I BHFIOS GO LÁIDIR DÓIBH a thábhachtaí atá sé cur le héifeachtúlacht an iompair mhuirí agus na slabhraí loighistice tríd an digitiú agus an simpliú riaracháin, agus na deiseanna suntasacha a chruthaítear trí mhalartú sonraí;

H. AG MEABHRÚ DÓIBH an gá atá leis na constaicí atá fós ann, atá ag cur bac ar shaorshreabhadh sonraí laistigh den Mhargadh Aonair, a bhaint faoi mar a d'iarr na Cinn Stáit nó Rialtais sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach ón 15 Nollaig 2016; agus AG MEABHRÚ DÓIBH, freisin, na Conclúidí ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 maidir le Plean Gníomhaíochta na Ríomhsheirbhísí Rialtais 2016-2020: dlús a chur le claochlú digiteach rialtas lena dtacaítear le prionsabail bhunúsacha (amhail digiteach mar réamhshocrú, an prionsabal aonuaire, idir-inoibritheacht mar réamhshocrú) an Phlean Gníomhaíochta sin;

I. AGUS É Á CHUR SAN ÁIREAMH ACU gurb é príomhábhar imní thionscal na loingseoireachta agus geallsealbhóirí an mhuiriompair go ndéanfaí foirmiúlachtaí chun earraí a iompar de mhuir a shimpliú, agus an gá atá le sreafaí faisnéise digití atá cuimsitheach agus idir-inoibritheach, agus go háirithe chun go gcruthófaí Spás Eorpach d'Iompar Muirí gan Bhacainní;

J. AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DÓIBH gur ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán maidir le Seirbhísí Calafoirt lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha coiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort;

K. AG AITHINT DÓIBH dúshlán na hiomaíochta domhanda agus a thábhachtaí atá córais agus scéimeanna náisiúnta cánach lena bhfóntar do chuspóirí threoirlínte an chomhphobail ar Státchabhair don iompar muirí maidir le cothroime na hiomaíochta agus iomaíochas loingseoireacht an Aontais a chothabháil;

L. AG MEABHRÚ DÓIBH na Conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 28 Feabhra 2017 maidir le Tuarascáil Speisialta 23/2006 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le hinfheistíochtaí calafoirt[5];

M. AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR an ról atá ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), arb iad na príomhchomhlachtaí inniúla reachtacha ar fud an domhain iad a bhunaíonn rialacha domhanda agus caighdeáin dhomhanda;

N. DE BHRÍ GO bhfuil an loingseoireacht – agus é an bealach is éifeachtaí chun an chuid is mó den trádáil idirnáisiúnta a iompar – go bhfuil sí fíorthábhachtach chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach;

O. AG AITHINT DÓIBH an gá atá le gairmeacha iompair mhuirí a dhéanamh níos tarraingtí d'aos óg na hEorpa, le híomhá dhearfach a léiriú agus le cáilíochtaí agus oiliúint a oiriúnú don nuálaíocht theicneolaíoch;

P. AG AITHINT DI go bhfuil comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le hiompar idirnáisiúnta muirí chomh maith le Comhaontuithe Saorthrádála (CSTanna) ina bhfuil gealltanais láidre maidir le hiompar idirnáisiúnta muirí, go bhfuil na comhaontuithe sin ag éirí níos tábhachtaí chun cothroime iomaíochta ar fud an domhain, rochtain ar an margadh i gcás soithí de chuid úinéirí long an Aontais[6] agus intuarthacht fhoriomlán a áirithiú, i bhfianaise treochtaí caomhnaitheachta agus beart sriantach, agus AG MOLADH DON Choimisiún an t-iompar idirnáisiúnta muirí a áireamh i gcomhaontuithe iltaobhacha, go háirithe faoi choimirce EDT;

Q. DE BHRÍ GO n-aithnítear go forleathan gur bealach é an iompar muirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de chun méideanna móra lastais a iompar ach, mar sin féin, go dtairgtear, leis an muiriompar, tuairim is 2.2% de na hastaíochtaí CO2 domhanda toisc an oiread sin gníomhaíochta loingseoireachta idirnáisiúnta a dhéantar[7];

R. AG CUR I bhFÁTH DÓIBH an gá atá le loingseoireachta níos glaise freisin i ndáil le hastaíochtaí substaintí a bhfuil tionchar diúltach acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach agus go háirithe gar do limistéir chósta agus do chathracha calafoirt;

---

[5] 6693/17.

[6] Mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha (IO L 378, 31.12.1986, lch. 1).

[7] An Tríú Staidéar ó IMO faoi Ghás Ceaptha Teasa, 2014.

S. AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH go bhfuil freagairt dhomhanda ag teastáil maidir leis an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil, go háirithe nuair a bhítear ag déileáil le gníomhaíochtaí a dhéantar in earnáil na loingseoireachta;

T. AGUS an dul chun cinn a rinneadh ag IMO MEPC 70 INA DHÍOL SÁSAIMH DÓIBH, is é sin:

– é leagtha síos gurb é an 1 Eanáir 2020 an dáta a dtiocfaidh an uasteorainn dhomhanda shulfair de 0.5% le haghaidh breosla muirí i bhfeidhm;

– gur glacadh córas domhanda éigeantach bailithe sonraí le haghaidh tomhaltas breosla long; agus

– gur glacadh treochlár le haghaidh straitéis IMO maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa, ar straitéis tosaigh ach cuimsitheach é a bheidh le glacadh in 2018, in am chun go bhféadfaidh an earnáil an dul chun cinn a bheidh déanta aici a chur in iúl ag an gcéad mheasúnú a dhéanfar faoi Chomhaontú Pháras;

U. AG AITHINT DÓIBH an obair a rinneadh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe faoi mar a bunaíodh leis an gCinneadh ón gCoimisiún[8];

DÁ BHRÍ SIN, DEANANN AIRÍ IOMPAIR MHUIRÍ NA hEORPA AN MÉID SEO A LEANAS:

I. Iomaíochas – cothroime iomaíochta san Eoraip agus thar lear

1. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR gurb amhlaidh, chun tionscal iompair mhuir a fhorbairt san Eoraip a bheidh ceannródaíoch sa domhan mór, tá sé bunriachtanach dálaí creata atá cobhsaí, intuartha agus iomaíoch a sholáthar agus iad bunaithe ar ardchaighdeáin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht, slándáil, comhshaol agus dálaí sóisialta;

2. MEABHRAÍONN SIAD go bhfuil ról fíorthábhachtach ag calafoirt dhea-nasctha, nua-aimseartha agus ag loingseoireacht ghearrthurais éifeachtúil chun tionscail nua agus gníomhaíochtaí loighistice nua a chaomhnú agus a mhealladh, chun na réigiúin éagsúla laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais a nascadh lena chéile agus chun tacú le hiompar a ghlasú;

[8] Cinneadh ón gCoimisiún an 24.9.2013 lena mbunaítear grúpa saineolaithe maidir le hinbhuanaitheacht iompair mhuirí – Fóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe (ESSF), C(2013) 5984 final.

3. IARRANN SIAD go gcuirfear feabhas ar an nascacht, a mhéid a bhaineann le naisc mhuirí atá iontaofa, rialta agus inbhuanaithe, chun na bearnaí atá ann cheana a dhruidim, chun an t-aonrú a chosc agus chun deiseanna comhionanna fáis a chur ar fáil do na hoileáin agus do na réigiúin is forimeallaí agus do réigiúin fhorimeallacha agus oileánacha;

4. ÁITÍONN SIAD go bhfuil gá le borradh a chur faoi líonra de chonairí iompair ilmhódacha a chruthú lena nascfaí limistéir thionsclaíocha, fhorimeallacha, oileánacha agus oileán, agus a mbeadh saoráidí trasloingsithe nua-aimseartha, bonneagar calafoirt éifeachtúil inbhuanaithe, treochtaí maidir le huathoibriú agus teicneolaíochtaí sárfhorbartha ag gabháil leo, leabaithe sa chreat iomchuí rialála agus riaracháin agus IARRANN SIAD go leanfar den obair ina leith sin faoi chuimsiú threoirlínte an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa agus an úsáid is fearr á baint as na hionstraimí airgeadais agus na deontais ábhartha;

5. LEAGANN SIAD BÉIM AR AN nGÁ ATÁ LE hearnáil iompair mhuirí an Aontais a dhéanamh níos mealltaí do na glúine a bheidh ann amach anseo chun go mbeidh go leor foirne inniúla, a mbeidh an meascán ceart scileanna agus inniúlachtaí acu, ar fáil do bhraisle muirí an Aontais agus ATHDHEARBHAÍONN SIAD an gá atá le bunú na cothroime iomaíochta sóisialta sa loingseoireachta a neartú agus a áirithiú go gcaithfear go cothrom le maraithe trí Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus trí chomhaontuithe ábhartha idir na comhpháirtithe sóisialta[9] a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus, dá bhrí sin, CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fhorghníomhú lena n-áirithítear dálaí maithe oibre agus maireachtála;

6. ÁITHNÍONN SIAD go háirithe na buntáistí a bhaineann le tuilleadh ban a fhostú in earnáil an iompair agus CUIREANN SIAD I bhFÁTH an gá atá le cur le rannpháirtíocht na mban in earnáil an iompair mhuirí;

7. MOLANN SIAD do na comhpháirtithe sóisialta tionscnaimh chomhchoiteanna, agus dálaí sóisialta mealltacha a aithint agus a fhorbairt chun fostú maraithe san Eoraip a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar a mhealltaí atá an earnáil, e.g. trí úsáid modhanna nua-aimseartha cumarsáide a éascú, lena n-áirítear rochtain ar an Idirlíon ar bord;

---

[9] Treoir 2009/13/CE ón gComhairle an 16 Feabhra 2009 lena gcuirtear chun feidhme an Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhlachais Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh (ECSA) agus Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF) maidir le Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006, agus lena leasaítear Treoir 1999/63/CE (IO L 124, 20.5.2009, lch. 30).

8. LEAGANN SIAD BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le hidirphlé iltaobhach, réigiúnach agus déthaobhach, comhar níos dlúithe agus malartú dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le hiompar muirí ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn cothroime iomaíochta a chothú;

9. IARRANN SIAD AR an gCoimisiún iarrachtaí a neartú ar gach leibhéal chun go mbeidh cothroime iomaíochta ar fud an domhain ann, agus dálaí creata a chruthú ag an am céanna chun rochtain a éascú ar mhargaí na réigiún a bhfuil a n-acmhainneacht eacnamaíoch ag dul i méid;

10. SPREAGANN SIAD na Ballstáit agus an Coimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do chaighdeáin thrédhearcacha a bheidh ceangailteach go domhanda, a bheidh chun tosaigh ó thaobh na teicneolaíochta de agus nach mbainfaidh saobhadh iomaíochta leo, agus dá bharr sin réitigh idirnáisiúnta a lorg;

11. ATHDHEARBHAÍONN SIAD an breisluach a bhaineann le Treoirlínte an Chomhphobail faoi Státchabhair don iompar muirí, agus an gá atá le creat cobhsaí cánachais i gcomhréir leis na treoirlínte sin, chun cothroime iomaíochta ar fud an domhain a choimeád do loingseoireacht an Aontais, chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht agus ar tharraingteacht bratacha Bhallstáit an Aontais, agus chun na dálaí a chruthú ina bhféadfaidh an loingseoireacht cur go héifeachtach le geilleagar an Aontais;

12. MEABHRAÍONN SIAD na Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 28 Feabhra 2017 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le hinfheistíochtaí i gcalafoirt, lena léirítear roinnt saincheisteanna a bhaineann le calafoirt, lena n-áirítear treoirlínte faoi Státchabhair do chalafoirt, forbairt bhreise a dhéanamh ar Rialachán na Blocdhíolúine Ginearálta (GBER) le haghaidh infheistíochtaí áirithe, an gá atá le tuilleadh cistiú le haghaidh calafort, cineál sonrach an bhonneagair calafoirt agus comhtháthú iomlán na gcalafort sa ghréasán TEN-T;

II. Digitiú

13. MEABHRAÍONN SIAD an gá atá le chur chun feidhme mear an Chreasa Ghoirm ina iomláine, lena n-áirítear trí lastliosta comhchuibhithe leictreonach lastais (an r-Lastliosta), agus IARRANN SIAD ar an gCoimisiún faisnéis a sholáthar ar bhonn rialta do na geallsealbhóirí maidir lena chur chun feidhme agus a éifeachtacht;

14. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH agus TACAÍONN SIAD leis an obair ar shonraíochtaí an r-Lastliosta a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhpháirt leis na Ballstáit, le lucht tionscail agus le EMSA;

15. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR na heasnaimh a sainaithníodh sna réamhthorthaí a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an meastóireacht REFIT a rinneadh ar an Treoir maidir le Foirmiúlachtaí Tuairiscithe;

16. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún obair leantach iomchuí a mholadh maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Foirmiúlachtaí Tuairiscithe, lena n-áirítear tríd an r-Lastliosta a thabhairt isteach trí thimpeallacht fuinneoige comhtháite muirí aonair Eorpach d'fhonn Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhunú agus éifeachtúlacht agus tarraingteacht na hearnála iompair muirí a fheabhsú;

17. AITHNÍONN SIAD a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an malartú sonraí agus na dálaí a shoiléiriú chun sonraí a dhéanamh inrochtana agus a chur ar fáil do na páirtithe uile d'fhonn na slabhraí loighistice a bharrfheabhsú agus iompar ilmhódach a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta, agus dá bharr sin IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH go háirithe na tionscnaimh chalafoirt chliste agus tionscnaimh eile amhail an Fóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta a cuireadh i gcrích chun na críche sin;

18. TUGANN SIAD DÁ nAIRE acmhainneacht an uathoibrithe lena gcomhlántar an digitiú maidir le laghduithe a thairiscint ar ídiú breosla, maidir le héifeachtúlacht a mhéadú agus an sreabhadh lastais sa lóistíochta a bharrfheabhsú, chomh maith le feabhas a chur ar shlándáil agus ar fheidhmíocht chomhshaoil earnáil iompair muirí an Aontais; dá bhrí sin CUIREANN SIAD I bhFIOS a thábhachtaí atá sé forbairt réiteach digiteach agus na hardteicneolaíochta muirí a chumasú tuilleadh chomh maith le húsáid sonraí oscailte a chur chun cinn lena gcuirfí san áireamh an gá atá ann le creat dlíthiúil cothrom le dáta lena gcumasaítear forbairt réiteach digiteach;

19. LEAGANN SIAD BÉIM ar an ngá atá ann coincheap an digitithe agus an fhíoraithe leictreonaigh a chur chun cinn i gcás deimhnithe le haghaidh longa agus baill foirne ar an leibhéal idirnáisiúnta agus SPREAGANN SIAD go gcuirfí na deimhnithe ar fáil go leictreonach;

III. Dícharbónú agus Laghdú Astaíochtaí ó Longa isteach san Aer

20. IARRANN SIAD ar na Ballstáit obair a dhéanamh, i dteannta an Choimisiúin, chun go ndéanfar straitéis tosaigh uaillmhianach de chuid IMO a fhormheas in 2018, ar straitéis í maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) agus lena gcuirtear san áireamh an cuspóir atá i bhfad faoi bhun 2°C a leagtar amach i gComhaontú Pháras, ó longa lena n-áirítear bearta breise gearr-théarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha lena ndíreofaí ar rannchuidiú earnáil na loingseoireachta leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta i dtaca le srian a chur ar astaíochtaí GHG; chuige sin, IARRANN SIAD ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dul i dteagmháil leis na tríú tíortha agus leis an tionsclaíocht ar mhaithe le glacadh straitéise uaillmhianaí in earrach na bliana 2018 a dhaingniú, ar mhaithe le tacú le fothú acmhainní, lena n-áirítear tionscnaimh lena léirítear na tairbhí a leanfadh dícharbónú earnáil na loingseoireachta, agus ar mhaithe le taighde agus infheistíochtaí a chaomhnú, ionas nach bhfágfaí aon tír chun cúil tráth a dtabharfaí aghaidh ar an athrú aeráide;

21. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún leasú a mholadh a dhéanamh, a luaithe a bheidh an creat dlíthiúil don chóras domhanda bunaithe, ar Rialachán MRV an Aontais chun é a chur i gcomhréir leis an gcomhaontú idirnáisiúnta;

22. MOLANN SIAD don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú le chéile chun rialacha réigiúnacha agus domhanda maidir le hastaíochtaí as longa isteach san aer a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus LEAGANN SIAD BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le comhroinnt sonraí ábhartha maidir le comhlíonadh sa chomhthéacs sin;

23. TACAÍONN SIAD leis na tionscnaimh ón gCoimisiún maidir le cur chun cinn agus úsáid fuinnimh mhalartaigh agus breoslaí malartacha le haghaidh na loingseoireachta, go háirithe trí chaighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh nascóirí buncaeireachta LNG agus nósanna imeachta le haghaidh buncaeireacht an gháis nádúrtha leachtaithe (LNG) i gcalafoirt na hEorpa, d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil na hearnála agus d'fhonn cur le comhlíonadh na gceanglas astaíochta domhanda, go háirithe na teorainneacha astaíochtaí sulfair a ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO);

24. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH Clár Ráthaíochta na Loingseoireachta Glaise chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le hinfheistíochtaí a mhaoiniú a chuirfidh le feidhmíocht chomhshaoil agus iomaíochas earnáil loingseoireachta na hEorpa a fheabhsú agus TACAÍONN SIAD le hobair an Choimisiúin chun an ról atá ag calafoirt i nglasú an iompair muirí a chothabháil agus CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le tacaíocht airgeadais le haghaidh infheistíochtaí amhail leictreachas cois cladaigh nó breoslaí malartacha eile don bhonneagar buncaeireachta;

25. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún leanúint dá chuid tionscnamh chun cuidiú leis an tionscal iompair muirí an leas is fearr a bhaint as na dreasachtaí airgeadais agus eacnamaíocha atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal na gcalafort chun inbhuanaitheacht chomhshaoil na hearnála a fheabhsú lena n-áirítear freisin úsáid na gcistí taighde le haghaidh teicneolaíochtaí a bhainfidh fíorú margaidh amach i dtimthriallta infheistíochta lár an chéid;

26. DEARBHAÍONN SIAD an tacaíocht láidir do loingseoireacht shábháilte neamhdhíobhálach don chomhshaol in uiscí Polacha agus i limistéir mhuirí leochaileacha eile agus CUIREANN SIAD I bhFIOS gur gá an Cód Polach den IMO a chun feidhme go héifeachtach.